



An Bhruiséil, 10 Feabhra 2022  
(OR. fr)

6051/22

TRANS 66  
RELEX 150

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	ST 5833/22
Ábhar:	Comhaontú ardleibhéil idir an tAontas agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar (an Albáin, an Bhoisnia-Heirseagaivéin, an Chosaiv*, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Montainéagró agus an tSeirbia) maidir le léarscáileanna táscacha na dtíortha comharsanacha a oiriúnú de réir bhrí Airteagal 49(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (Rialachán TEN-T) – Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil

---

1. An 1 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún in iúl don Mheitheal um Iompar – Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin, i nóta<sup>1</sup>, go raibh sé ar intinn aici dul i mbun caibidlíochta i ndáil le comhaontú ardleibhéil idir an tAontas agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar (An Albáin, an Bhoisnia-Heirseagaivéin, an Chosaiv\*, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Montainéagró agus an tSeirbia) maidir leis na gréasáin bonneagair iompair chun go nglacfar, tar éis an ionstraim neamhcheangailteach sin a shíniú, gníomh tarmligthe lena ndéanfar na léarscáileanna táscacha atá ann cheana a oiriúnú de réir bhrí Airteagal 49(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (Rialachán TEN-T).

---

\* Cette désignation est sans préjudice des positions sur le statut du Kosovo, et est conforme à la résolution 1244/1999 du Conseil de sécurité des Nations Unies et à l'avis de la CIJ sur la déclaration d'indépendance du Kosovo

<sup>1</sup> 5833/22 REV 1.

2. Chuir sé chomhpháirtí thuasluaite na mBalcán Thiar in iúl don Choimisiún gur mian leo athruithe a dhéanamh ar léarscáileanna táscacha TEN-T (gréasán cuimsitheach agus croíghréasán) agus ar nóid iompair (aerfoirt agus calafoirt) ar a gcríoch.
3. Phléigh an Mheitheal an nóta ó sheirbhísí an Choimisiúin maidir leis an ábhar sin an 7 Feabhra 2022. Níor chuir aon cheann de na toscaireachtaí i gcoinne údarás a bheith tugtha don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil ag an gcéim seo maidir le hiarrataí beachta sé chomhpháirtí na mBalcán Thiar an-teoranta, chomhaontaigh an Coimisiún tuilleadh faisnéise a roinnt leis an Meitheal a luaite a bheidh sí ar fáil.
4. Thairis sin, tuigtear go rachaidh an Coimisiún i dteagmháil leis an gComhairle arís ag deireadh na caibidlíochta chun a iarraidh uirthi údarú a thabhairt dó maidir le síniú an Comhaontaithe Ardleibhéil thar ceann an Aontais.
5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a údarú don Choimisiún dul i mbun caibidlíochta maidir leis an gcomhaontú ardleibhéil thuasluaite idir an tAontas agus sé comhpháirtí na mBalcán Thiar.